

# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

## SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2017

---

### SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

---

#### PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.**

---

#### ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Is rud maith é go bhfuil páistí ó chultúir éagsúla ag freastal ar scoileanna náisiúnta na hÉireann.
- (b) Níl sé maith go leor go mbíonn daoine ina gcodladh ar ár sráideanna.
- (c) Ba chóir go mbeadh sé níos éasca teach a cheannach.
- (d) Tá go leor le déanamh chun an córas taistil sa tír seo a fheabhsú.
- (e) Ní fhaigheann imreoirí clubanna sa Chumann Lúthchleas Gael cothrom na féinne.

(35 marc)

#### ROINN B

##### Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

When I was on my way to the Gaeltacht in February I decided to bring an Irish book with me. I'm not talking about *Cóir Ghaoithe* which I had in my bag already, but a real book in Irish. We stopped in Galway for a cup of tea and before we continued on our journey I visited Eason's Bookshop. They had plenty novels and collections of short stories and I was delighted to see that they had a broad range of books in Irish as well. I chose *Aisteoirí an Spidéil* because I was going to that district and I myself am very interested in acting. The author of the book is Máire Breathnach Uí Choileáin and the publisher is Cló Iar-Chonnacht. It's a history book really about one of the most active drama societies in Connemara. I read the book between classes and in the house at night.

(15 marc)

### 3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Why haven't you got your homework done, Eoghan?
2. Síle! Go down to the office and get my Roll Book.
3. As a teacher, you have to be kind, patient and well organized.
4. A lot of people from Northern Ireland go on holidays to Donegal.
5. We are renting a house at present but we would like to buy one.
6. How long does it take you to go to school?
7. I go to the swimming pool or the fitness centre once a week.
8. I would like to book a table for two.
9. Nearly everything in Spain is cheaper than it is in Ireland.
10. There is a clothes shop, a fruit and vegetable shop and a hardware shop in that Shopping Centre.

(15 marc)

## ROINN C

### Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

#### 4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“An bhfuil a fhios agat,” arsa Cormac, “gur fíorbheagán aclaíochta a rinne mé i rith (an geimhreadh).” “Tá cuma níos (trom) ort ceart go leor, a (Cormac),” arsa Eoghan. “Tá an-chuid meáchain (cuir) suas agat.” “Táim chun rud éigin a dhéanamh faoi.” arsa Cormac. “Bhí mé ag smaoinemh ar bhallaíocht a (tóg) amach san Ionad Spóirt ach bheadh sé sin ródhaoir. Dá dtógfainn ballraíocht amach san Ionad Spóirt (cosain) sé cúig chéad Euro in aghaidh (an bhliain).” “Céard a dhéanfaidh tú mar sin?” “Rachaidh mé amach ag siúl cúpla (lá) sa tseachtain, tógfaidh mé an rothar sin amach as an (garáiste) agus déanfaidh mé céad ciliméadar air gach seachtain,” arsa Cormac. “Bhuel!” arsa Eoghan. “Ná téigh thar fóir. Má théann tú thar fóir (faigh) tú taom croí.”

(10 marc)

#### 5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (faigh) mé an fliú an geimhreadh seo caite, buíochas le Dia.
2. Bíonn na laethanta i bhfad níos (fada) sa samhradh ná mar a bhíonn siad sa gheimhreadh.
3. An bhfuil rud ar bith níos (álainn) ná ceol na n-éan ag breacadh an lae?
4. An (imir) Aoife peil gach Satharn?
5. (Múin) mé ceacht Eolaíochta Dé Luain seo chugainn.
6. Tá praghas (na tithe) an-ard san eastát sin.
7. Má (éirigh) linn an teach sin a cheannach, cuirfimid fuinneoga nua isteach ann.
8. Dá (ceannaigh: mé) an gluaisteán sin, ní bheadh pingin rua fágtha agam.
9. Caithfidh mé *Cré na Cille* a (léigh) am éigin.
10. Nuair a bhí na cóipleabhair go léir (bailigh) ag an múinteoir chuir sí ar bhord an mhúinteora iad.

(10 marc)

## ROINN D

### Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

**Seosamh Mac Donnchadha, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Mártan Ó Ciardha air in [www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)**

Tá clú agus cáil ar Sheosamh Mac Donnchadha nó Joe McDonagh, mar ab fhearr aithne air, mar an duine a chan “The West’s Awake” ar chéimeanna Ardán Uí Ógáin i bPáirc an Chrócaigh i Meán Fómhair 1980 tar éis do chaptaen fhoireann iománaíochta na Gaillimhe, Joe Connolly, Corn Mhic Cárthaigh a chrochadh. Cé gurbh í uimhir a cúig i ngeansaí na Gaillimhe a chaitheadh Seosamh Mac Donnchadha de ghnáth, is ar bhinse na n-ionadaithe a bhí sé an lá sin mar gheall ar víreas ach fágann a leagan den “West’s Awake” an lá sin a áit féin ag Mac Donnchadha san ócáid stairiúil úd ag iománaithe na Gaillimhe. Cinntíodh áit Sheosaimh Mhic Dhonnchadha i stair Chumann Lúthchleas Gael nuair a toghadh mar Uachtarán ar an eagraíocht sin é i 1997.

Is i dtuaisceart na Gaillimhe, i gCortún, áit dúchais a mháthar, Chrissie a chaith Joe na blianta ba thúisce dá shaol. I ndeireadh na gcaogaidí bhog an teaghlach go Baile an Doirín nuair a fuair a athair Maitias post múinteoireachta ansiúd. An lá sin a toghadh Joe mar Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael i Londain i 1997, luaigh sé an t-aistear a bhí tógtha aige ó bheith “*ag iománaíocht in aghaidh na binne i mBaile an Doirín*” go dtí an post is sinsearaí sa Chumann Lúthchleas Gael. Ba as an Aill Bhán, cúpla míle taobh thiar de shráidbhaile Charna dá athair Maitias agus spreag seisean dhá rud go háirithe i gcróí a mhic - grá dá theanga dhúchais agus do chluichí na Gael. Bhí baint mhór ag Maitias le bunú an Choiste Iomána i nGaillimh, rud ba chúis le haiséirí na hiománaíochta sa chontae sin.

Ina shaol lasmuigh den Chumann Lúthchleas Gael ba in iomaire an oideachais a shaothraigh Seosamh tar éis dó Máistreacht sa Léann Ceilteach a bhaint amach in Ollscoileanna na Gaillimhe agus Aberystwyth. Bhí sé i mbun teagaisc i gColáiste Éinde i gCathair na Gaillimhe sula bhfuair sé post mar Phríomhfheidhmeannach ar Choiste Gairmoideachais an chontae sin. Chaith sé tamall freisin ina Phríomhfheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge. Cailleadh Seosamh Mac Donnchadha ar 20 Bealtaine, 2016 agus ag an ofráil ag Aifreann a shochraide i mBearna tógadh suas geansaí uimhir a cúig na Gaillimhe, cóipleabhar, foclóir Béarla-Gaeilge agus ríomhaire glúine. Cuireadh Seosamh Mac Donnchadha i reilig Ráthúin.

1. Cén fáth nár imir Seosamh Mac Donnchadha i gcluiche ceannais iománaíochta na hÉireann i 1980?
2. Cén scil a thaispeáin Seosamh i bPáirc an Chrócaigh i Meán Fómhair, 1980?
3. Lasmuigh de chúrsaí oibre, cén fhianaise atá san alt go raibh spéis ag Seosamh i gcúrsaí riaracháin?
4. Cén fáth ar fhág muintir Sheosaimh Cortún?
5. Cén bhaint a bhí ag athair Sheosaimh le cur chun cinn na hiománaíochta i nGaillimh?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Ruairí Mac Easmainn, sliocht atá curtha in oiriúint ó óráid an Aire Charles Flanagan ag an Ócáid Chuimhneacháin ar Chur Chun Báis Ruairí Mhic Easmainn ó [www.dfa.ie](http://www.dfa.ie)**

Rugadh Ruairí Mac Easmainn i gCuas an Ghainimh, Baile Átha Cliath ar 1 Meán Fómhair, 1864. Tógadh é mar bhall d'Eaglais na hÉireann ach ba Chaitliceach a mháthair agus deirtear gur bhaist sise go rúnda é mar Chaitliceach. Tar éis gur cailleadh a bheirt tuismitheoirí, thóg uncail leis é i nGleannta Aontroma. D'oibrigh Ruairí Mac Easmainn sa tseirbhís consalachta do Rialtas na Breataine. Chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge in 1904 agus é seal sa bhaile ar bhriseadh óna chúraimí consalachta thar lear, agus in imeacht roinnt blianta d'éirigh sé ní ba thiomanta do náisiúnachas na hÉireann. Sna blianta roimh Éirí Amach na Cásca bhíodh sé ag taisteal chuig na Stáit Aontaithe agus chuig an nGearmáin, ag déanamh teagmhála le náisiúnaithe Éireannacha agus le húdaráis na Gearmáine chun tacaíocht a spreagadh d'éirí amach in Éirinn.

Is beag a smaoinigh Ruairí Mac Easmainn riamh ar a leas féin. Spreag an tréith sin é chun ról lárnach a ghlacadh i ngluaiseacht neamhspleáchais na hÉireann agus chun cuid mhaith dá shaol a chaitheamh san Afraic agus i Meiriceá Theas i mbun feachtais i gcoinne sárú uafásach ar chearta an duine sna háiteanna sin an tráth sin. Nuair a bhuail ráig den fhiabhras dubh Conamara sa bhliain 1913, scríobh sé chuig na nuachtáin ag déanamh comparáide idir Leitir Mealláin agus na dálaí maireachtála agus an fhulaingt a bhí feicthe aige san Amasóin. Fuair sé féin maláire mar thoradh ar a thaisteal thar lear.

Tar éis blianta fada ag taisteal na cruinne, thug Mac Easmainn faoina aistear deiridh go hÉirinn ar fhomhuireán Gearmánach i mí Aibreáin 1916 chun bualadh i gContae Chiarraí leis an *Aud*, long a raibh airm á n-iompar aici ón nGearmáin i gcomhair an Éirí Amach. Bhí mearbhall ann faoi na socrúithe i leith airm a thabhairt i dtír, chuaigh an plean as riocht agus níor shroich siad an mhórhír in aon chor. Gabhadh Mac Easmainn ag Trá na Beannaí. Cuireadh i bpríosún i Londain é agus cuireadh faoi thriail é agus ardréas curtha ina leith i gcás a tharraing an-chonspóid go deo. Crochadh é i bPríosún Pentonville ar 3 Lúnasa, 1916 agus fágadh a chuid taisí ansin ar feadh beagnach 50 bliain. Tugadh ar ais go hÉirinn iad in 1965 le haghaidh sochraide Stáit agus cuireadh faoin bhfód i nGlas Naíon iad.

1. Conas a tharla sé go ndearna Ruairí Mac Easmainn an oiread sin taistil ina shaol?
2. Céard a rinne Mac Easmainn thar lear chun cabhair a fháil don réabhlóid a bhí á pleanáil in Éirinn?
3. Cén fhianaise atá san alt go raibh bá ag Mac Easmainn le muintir a thíre féin agus aon chruatan á fhulaingt acu?
4. Conas a cuireadh Ruairí Mac Easmainn chun báis?
5. Cén cruthú ata san alt go raibh meas ag Rialtas na hÉireann ar Ruairí Mac Easmainn?

(10 marc)

## ROINN E

### Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le Rólimirt ó thaobh Mhúineadh na Gaeilge de?
- (b) Céard iad na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh sna hEiseamláirí seo a leanas:
- (i) “Dia is Muire duit!”
  - (ii) “Ba mhaith liom ticéad singil go Béal Feirste, más é do thoil é.”
  - (iii) “Lá breithe sona duit!”
  - (iv) “Is féidir liom snámh.”
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Rothar Cailte”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltáí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 marc)

9. (a) Céard iad na bealaí éagsúla inar féidir úsáid a bhaint as póstaer?
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Sa Linn Snámha” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltáí sna meánranganna nó sna hardranganna.
- (c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 marc)

10. (a) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (b) Mínigh an chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Cheannaigh mé.” Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Liostaigh na modhanna múinte atá luaite in *Curaclam na Gaeilge*.

(15 marc)